Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 6 Meitheamh 2025
(OR. en)

9943/25
ADD 1

ENT 91
MI 360
COMPET 495
IND 174
ENV 478
TRANS 229
AGRI 254
DELACT 73

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 5 Meitheamh 2025 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | C(2025) 3502 final - ANNEX |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINN<br>a ghabhann le<br>Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/... ón gCoimisiún<br>lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/2144 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle chun forbairtí rialála a chur san áireamh a bhaineann le leasuithe ar Rialacháin Uimh. 25, 34, 79, 100, 117, 127 agus 152 ó na Náisiúin Aontaithe, agus le Rialacháin nua Uimh. 167, 169 agus 171 ó na Náisiúin Aontaithe arna nglacadh ag an bhFóram Domhanda um Chomhchuibhiú Rialachán maidir le Feithiclí faoi choimirce Choimisiún Eacnamaíochta na Náisiún Aontaithe don Eoraip |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad C(2025) 3502 final - ANNEX.

---

Faoi iamh: C(2025) 3502 final - ANNEX

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 5.6.2025
C(2025) 3502 final

ANNEX

**IARSCRÍBHINN**

**a ghabhann le**

**Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/... ón gCoimisiún**

**lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/2144 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle chun forbairtí rialála a chur san áireamh a bhaineann le leasuithe ar Rialacháin Uimh. 25, 34, 79, 100, 117, 127 agus 152 ó na Náisiúin Aontaithe, agus le Rialacháin nua Uimh. 167, 169 agus 171 ó na Náisiúin Aontaithe arna nglacadh ag an bhFóram Domhanda um Chomhchuibhiú Rialachán maidir le Feithiclí faoi choimirce Choimisiún Eacnamaíochta na Náisiún Aontaithe don Eoraip**

## IARSCRÍBHINN

Leasaítear Iarscríbhinn I agus Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/2144 mar a leanas:

(1) leasaítear Iarscríbhinn I mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad ró Rialacháin Uimh 25 ó na Náisiún Aontaithe:

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| ‘25 | Ceannbhaic (tacaí cinn), bídís ionchorpraithe i suíocháin na feithicle nó ná bídís | Forlíonadh 1 ar shraith leasuithe 04 | IO L 258, 7.8.2020, lch. 30, ELI: https://eur-lex.europa.eu/eli/reg/2020/1169/oj | M, N’; |

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad ró Rialacháin Uimh 34 ó na Náisiún Aontaithe:

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| ‘34 | Rioscaí dóiteáin a chosc (umair bhreosla leachtaigh) | Sraith leasuithe 04 | IO L …, …2025, lch. …<br>[*Tagairt IO do Rialachán 34 ó na Náisiún Aontaithe le cur isteach ag Oifig na bhFoilseachán*] | M, N, O’; |

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad ró Rialacháin Uimh 79 ó na Náisiún Aontaithe:

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| ‘79 | Trealamh stiúrtha | Sraith leasuithe 04 | IO L 2025/3, 10.1.2025,<br>ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2025/3/oj | M, N, O’; |

(d) cuirtear an méid seo a leanas in ionad ró Rialacháin Uimh 100 ó na Náisiún Aontaithe:

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| ‘100 | Sábháilteacht leictreach | Sraith leasuithe 03 | IO L 2024/1955, 26.7.2024,<br>ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1955/oj | M, N’; |

(e) cuirtear an méid seo a leanas in ionad ró Rialacháin Uimh 117 ó na Náisiún Aontaithe:

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| ‘117 | Boinn a mhéid a bhaineann le hastaíochtaí torainn rollta, greamaitheacht ar dhromchlaí fliucha agus friotaíocht rollach (Aicmí C1, C2 agus C3) | Sraith leasuithe 04 | IO L …, …2025<br>[*Tagairt IO do Rialachán 117 ó na Náisiún Aontaithe le cur isteach ag Oifig na bhFoilseachán*] | M, N, O’; |

(f) cuirtear an méid seo a leanas in ionad ró Rialacháin Uimh 127 ó na Náisiún Aontaithe:

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| ‘127 | Sábháilteacht coisithe | Sraith leasuithe 04 | IO L 2025/460, 17.3.2025<br>ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2025/460/oj | $M_1$, $N_1$’; |

(g) cuirtear an méid seo a leanas in ionad ró Rialacháin Uimh 152 ó na Náisiún Aontaithe:

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| ‘152 | Ardchórais Choscánaithe Éigeandála | Sraith leasuithe 02 | IO L 2024/2497, 27.9. 2024,<br>ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/2497/oj | $M_1$, $N_1$’; |

(h) cuirtear isteach na rónna seo a leanas le haghaidh Rialacháin Uimh. 167, 169 agus 171 ó na Náisiúin Aontaithe:

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| ‘167 | Amharc díreach i bhfeithiclí tromshaothair | An leagan bunaidh den Rialachán | IO L 2024/1065, 17.5.2024,<br>ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1065/oj | $M_2$, $M_3$, $N_2$, $N_3$ |
| ‘169 | Taifeadán Sonraí Teagmhais i gcás Feithiclí Tromshaothair | An leagan bunaidh den Rialachán | IO L 2024/1218, 23.5.2024,<br>ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1218/oj | $M_2$, $M_3$, $N_2$, $N_3$ |
| ‘171 | Córais Cúnta Tiománaí (CCT) | An leagan bunaidh den Rialachán | IO L, 2024/2689, 4.11.2024,<br>ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/2689/oj | M, N |

’.

(2) leasaítear Iarscríbhinn II mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró maidir le ceanglas B2:

| | | | | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| ‘B2 Zón cosanta tuairte cloiginn méadaithe | Rialachán Uimh. 127 ó na Náisiúin Aontaithe | Ní chuimsítear teagmháil chruth an chloiginn le A-philéir, barr an ghaothscátha ná cochall, ach déanfar faireachán orthu sin. | C(*) | | | C(*) | | | | | | | | ’; |

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró maidir le ceanglas B9:

| | | | | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| ‘B9 Amharc díreach i bhfeithiclí tromshaothair | Rialachán Uimh. 167 ó na Náisiúin Aontaithe | | | D | D | | D | D | | | | | | ’; |

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró maidir le ceanglas C10:

| | | | | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| ‘C10 Sábháilteacht na mbonn agus feidhmíocht chomhshaoil | Rialachán Uimh. 30 ó na Náisiúin Aontaithe<br>Rialachán Uimh. 54 ó na Náisiúin Aontaithe<br>Rialachán Uimh. 117 ó na Náisiúin Aontaithe | Áiritheofar freisin go mbeidh nós imeachta tástála ann le haghaidh boinn chaite; tá feidhm ag na dátaí i nóta C (**). | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X | | A’; |

(d) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na rónna le haghaidh na gceanglas E6 agus E7:

| | | | | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| ‘E6 Córais le cur in ionad smacht an tiománaí | Rialachán Uimh. 157 ó na Náisiúin Aontaithe<br><br>Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1426 ón gCoimisiún (***) (maidir le feithiclí lán-uathoibrithe) | | B(5) | B(5) | B(5) | B(5) | B(5) | B(5) | | | | | | |
| E7 Córais le faisnéis a chur ar fáil don fheithicil maidir le staid na feithicle agus an ceantar máguaird | Rialachán Uimh. 157 ó na Náisiúin Aontaithe<br><br>Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1426 ón gCoimisiún (maidir le feithiclí lán-uathoibrithe) | | B(5) | B(5) | B(5) | B(5) | B(5) | B(5) | | | | | | ’; |

(e) i roinn E ‘Iompraíocht an Tiománaí agus an Chórais’, cuirtear isteach na rónna seo a leanas le haghaidh cheanglais E10 agus E11:

| | | | | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| ‘E10 Córais chun cuidiú leis an tiománaí rialú dinimiciúil feithicle a dhéanamh | Rialachán Uimh. 171 ó na Náisiúin Aontaithe | | IF | IF | IF | IF | IF | IF | | | | | | |
| E11 Seirbhís uathoibríoch ghiolla páirceála | Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1426 ón gCoimisiún, Iarscríbhinn V | | IF | IF | IF | IF | IF | IF | | | | | | ’; |

---

‘(*) Agus forálacha idirthréimhseacha shraith leasuithe 04 ar Rialachán Uimh. 127 ó na Náisiúin Aontaithe á gcur i bhfeidhm, leanfar de ghlacadh le cineálcheaduithe a eisítear agus úsáid á baint as forálacha sonracha a bhaineann le teorainn WAD 2,100 ar bharr an bhoinéid go dtí an 1 Meán Fómhair 2029. Leanfar de ghlacadh le cineálcheaduithe a eisítear agus úsáid á baint as forálacha sonracha a bhaineann le himeall fisiceach cúil an bhoinéid in ionad BRRL go dtí an 1 Meán Fómhair 2031.

(**) Agus forálacha idirthréimhseacha shraith leasuithe 04 ar Rialachán Uimh. 117 ó na Náisiúin Aontaithe á gcur i bhfeidhm, maidir le boinn nua a cheadaítear i gcomhréir le ceanglais shraitheanna leasuithe 02 nó 03 ar an Rialachán sin ó na Náisiúin Aontaithe agus a mhonaraítear roimh an 7 Iúil 2026, féadfar leanúint dá bhfeistiú ar fheithiclí atá in úsáid go dtí an 6 Eanáir 2029.

(***) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1426 ón gCoimisiún an 5 Lúnasa 2022 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2019/2144 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le nósanna imeachta agus sonraíochtaí teicniúla aonfhoirmeacha le haghaidh chineálcheadú an chórais tiomána uathoibrithe (ADS) i bhfeithiclí lán-uathoibrithe (IO L 221, 26.8.2022, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2022/1426/oj)';

(f) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Fhonóta (5):

'(5) Tá comhlíonadh riachtanach i gcás feithiclí uathoibrithe / lán-uathoibrithe.';

(g) Cuirtear an nóta seo a leanas leis na Nótaí a ghabhann leis an tábla:

'IF: Tá comhlíonadh riachtanach i gcás feistithe.'.